AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Imlitir 0041/2011**

**D' Údaráis Bainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha**
**agus**
**d'Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin na gCoistí Gairmoideachais**

# Scálaí Nua Pá do Chúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) Nua-Cheaptha sa bhliain 2011

## Réamhfhocal

1. Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna feidhmiú na rátaí athbhreithnithe de thuarastal agus le liúntais le haghaidh ceapachán nua mar Chúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) ón 1ú Eanáir amach a chur in iúl do na coistí gairmoideachais, do na comhlachtaí bainistíochta agus do na CRS.

2. Mar chuid de Bhuiséad na Bliana 2011 tá laghdú de 10% curtha i bhfeidhm ag an Rialtas ar phá na n-iontrálacha nua sa seirbhís phoiblí (ar a dtugtar "ceapacháin nua" san imlitir seo) agus ní foláir do gach ceapachán nua sna gráid iontrála sa tseirbhís phoiblí tosú ar an gcéad phointe den scála ábhartha, le héifeacht ón 1ú Eanáir 2011.

## Feidhmiú na rátaí nua pá.

3. Tá pá-scála athbhreithnithe na CRS léirithe faoi Aguisín a ghabhann leis an Imlitir seo agus is féidir teacht air má dhéantar cliceáil anseo.

## Ceapachán nua don Ghrád CRS

4. Baineann na rátaí pá nua le gach CRS ar ceapacháin nua iad a cheapadh ar an 1ú Eanáir 2011 nó ina dhiaidh sin.

5. Sa chás má tá seirbhís tugtha ag duine mar CRS roimh an 1ú Eanáir 2011 (lena n-áirítear daoine a bhfuil saoire neamhláithreachta faofa dóibh faoi láthair) ní áireofar iadsan mar cheapacháin nua. Fairis sin, má tá tairiscint fostaíochta faighte i scríbhinn ag duine roimh 1ú Eanáir 2011 ní mheasfar an duine sin mar cheapachán nua. Sna cásanna sin, cuirfear an duine faoin scála agus faoi na liúntais ábhartha a bhí i bhfeidhm roimh 1ú Eanáir 2011, agus beidh cibé creidmheas incriminteach dlite le haghaidh taithí fhaofa CRS agus le haghaidh aon taithí eile a mheasfar a bheith ábhartha.

6. Má fhilleann CRS atá ar scor, agus ag tarraingt pinsin, ar phost mar CRS ar an 1ú Eanáir 2011, nó ina dhiaidh, tosóidh an duine sin ar an gcéad phointe den scála incriminteach tuarastail atá i bhfeidhm tar éis 1ú Eanáir 2011.

**Creidmheas incriminteach**

7. Tosóidh gach ceapachán nua CRS ar an gcéad phointe den scála incriminteach tuarastail. Tá cinneadh déanta ag an Rialtas to dtosóidh gach duine a nua-cheapfar ar ghrád iontrála ag an mbunphointe den scála laghdaithe nua (faoi réir an chritéir atá léirithe thuas).

8. Mar sin féin, tharlódh go leanfaí le creidmheas incriminteach i gcomhair seirbhíse aitheanta ábhartha. Ar an dóigh chéanna má fhágann daoine an córas tig leo seirbhís ábhartha den chineál sin a áireamh ar theacht ar ais dóibh.

**Cur Timpeall**

9. Déantar deimhin de go gcuirtear cóipeanna den Imlitir seo chuig an mBord Bainistíochta / chuig an gCoiste Gairmoideachais agus go dtarraingítear aird gach CRS atá fostaithe agaibh ar a bhfuil inti, lena n-áirítear daoine atá ar saoire neamhláithreachta.

10. Is féidir an Imlitir seo a léamh freisin ar shuíomh gréasáin an Roinne faoi http://www.education.ie.

11. Ba chóir fiosrúchán ar bith maidir leis an Imlitir seo a chur ar ríomhphost go dtí teachersna@education.gov.ie **NÓ GO DTÍ** payroll@education.gov.ie.

Dalton Tattan
Príomh-Oifigeach
Rannóg na
Múinteoirí/Cúntóirí Riachanas Speisialta
Meitheamh 2011

Pádraig Maloney
Príomh-Oifigeach,
Pá-Rolla
Meitheamh 2011

**Aguisín I**
**Pá-Scálaí le haghaidh Cúntóirí Riachtanas Speisialta a cheapadh ar 1ú Eanáir 2011 nó ina dhiaidh.**

**Cúntóirí Riachtanas Speisialta (Ceapacháin Nua tar éis 1/1/11)**

| | |
|---|---|
| Pointe 1 | €20,869 |
| Pointe 2 | €21,850 |
| Pointe 3 | €22,826 |
| Pointe 4 | €23,807 |
| Pointe 5 | €24,788 |
| Pointe 6 | €25,763 |
| Pointe 7 | €26,715 |
| Pointe 8 | €27,664 |
| Pointe 9 | €28,620 |
| Pointe 10 | €29,571 |
| Pointe 11 | €30,527 |
| Pointe 12 | €32,327 |
| Incrimint Seirbhíse Fada | €33,605 |

**Rátaí Uaire Páirtaimseartha (Earcaigh Nua tar éis 1/1/11)**

| | |
|---|---|
| Pointe 1 | €12.50 |
| Pointe 2 | €13.09 |
| Pointe 3 | €13.67 |
| Pointe 4 | €14.26 |
| Pointe 5 | €14.85 |
| Pointe 6 | €15.43 |
| Pointe 7 | €16.00 |
| Pointe 8 | €16.57 |
| Pointe 9 | €17.14 |
| Pointe 10 | €17.71 |
| Pointe 11 | €18.28 |
| Pointe 12 | €19.36 |
| Incrimint Seirbhíse Fada | €20.13 |

## Appendix II
## Ceisteanna Coitianta

**Is CRS nua mé nár oibrigh mar CRS riamh roimhe seo – Cén scála pá a bheadh agam ag tosú?**
Ní áireofar ach amháin seirbhís CRS a tugadh roimh an 1ú Eanáir 2011 mar réamh-sheirbhís chun cáiliú le haghaidh na pá-scálaí a bhí i bhfeidhm roimh an 1ú Eanáir 2011. Mura raibh seirbhís agat mar CRS roimh 1ú Eanáir 2011 is faoi na coinníollacha nua agus na rátaí pá nua a ofrálfar conradh duit. Ní thig leat creidmheas incriminteach a fháil as ucht aon traenála a fuair tú roimh theacht isteach sa phost mar CRS.

**Is CRS mé agus bhí mé ag obair in Éirinn mar CRS sa bhliain 2001, ach is sa Ríocht Aontaithe a chaith mé na blianta ina dhiaidh sin. – Cén scála pá a bheadh agam ag tosú?**
D'oibrigh tú mar CRS roimh 1ú Eanáir 2011. Dá bhrí sin ofrálfar conradh duit faoi na rátaí pá agus coinníollacha roimh 2011. Tharlódh go mbeadh do chuid oibre sa Ríocht Aontaithe in-áirithe chun críche creidmheasa incrimintigh.

**Is CRS mé a bhí ag obair san AE le roinnt blianta anuas. Ní raibh post mar CRS roimhe seo agam sa tseirbhís phoiblí in Éirinn ach tá mé le tosú i Mí na Bealtaine 2011 – Cén scála pá a bheadh agam ag tosú?**
Is ceapachán nua mar CRS tú in Éirinn. Tosóidh tú ar an gcéad phointe den scála pá Eanáir 2011. Faoi réir coinníollacha áirithe, tharlódh go n-áireofaí an fhostaíocht a bhí agat i dtír eile roimh iontráil duit sa phost mar CRS in Éirinn.

**Is CRS mé agus tá taithí roimhe seo agam mar Altra san earnáil phoiblí. Beidh mé ag tosú mar CRS Mí na Bealtaine 2011 – Cén scála pá a bheadh agam ag tosú?**
Is nua-cheapachán thú mar CRS. Dá bhrí sin ofrálfar conradh duit ar an gcéad phointe de phá-rátaí agus coinníollacha Eanáir 2011. Baineann seo freisin le CRS atá ag aistriú chun dul i mbun post eile (cur i gcás mar mhúinteoirí, riarthóirí srl). Tharlódh go mbeifeá i dteideal creidmheasa incrimintigh áirithe de dheasca na seirbhíse mar Altra atá tugtha agat.

**Bhí mé fostaithe mar CRS san earnáil phríobháideach le 5 bhliana anuas. Tosóidh mé mar CRS san earnáil phoiblí Mí na Bealtaine 2011. Cén tuarastal a gheobhaidh mé mar thosú?**
Is nua-cheapachán tú de réir chinnidh dhéanaigh an Rialtais. Dá bhrí sin ofrálfar conradh duit ar an gcéad phointe de phá-rátaí agus coinníollacha Eanáir 2011. Tharlódh go mbeifeá i dteideal creidmheas incriminteach a fháil as ucht do chuid taithí san earnáil phríobháideach, faoi réir coinníollacha áirithe

**Is CRS mé agus bhí mé fostaithe faoi Choiste Gairmoideachais ó Mí Dheiridh Fómhair 2005 i leith. D'éirigh mé as mo phost leis an CGO i Mí na Samhna 2010. Tá mé ag súil le post mar CRS a fháil i Meánscoil Dheonach i Mí Dheiridh Fómhair 2011. Cén scála tuarastal a thabharfaí dom ag tosú?**

D'oibrigh tú i bpost mar CRS roimh an 1ú Eanáir 2011. Dá bhrí sin, má fhilleann tú ar an obair mar CRS i meánscoil dheonach i Mí Dheiridh Fómhair 2011, ofrálfar conradh duit faoi na rátaí pá agus coinníollach a bhí i bhfeidhm roimh 2011. Áireofar chun críche creidmheasa incrimintigh an tseirbhís atá tugtha agat leis an gCoiste Gairmoideachais.